



Plean Feabhsúcháin Scoile

Litearthacht

Gaelcholáiste Reachrann

2014

Clár

1. Achoimre ar na príomhláidreachtaí mar a aithníodh sa Tuairisc Fhéinmheastóireachta Scoile ar an 25^ú Aibreán, 2013.
2. Achoimre ar na príomh-réimsí ar ghá a fheabhsú mar a aithníodh sa Tuairisc Fhéinmheastóireachta Scoile ar an 25^ú Aibreán, 2013.
3. An Plean Feabhsúcháin

Nóta: Scríobhadh agus faomhadh an Plean Feabhsúcháin Scoile seo idir Eanáir agus Meitheamh 2013. De bharr coinníollacha áirithe níor éirigh linn an plean a chur i bhfeidhm go críochnúil le linn na scoilbhliana. Tar éis don fhoireann machnamh agus plé a dhéanamh thógamar an cinneadh seo a leanas:

Aithníonn foireann Gaelcholáiste Reachrann go bhfuil na príomhláidreachtaí agus na príomh-réimsí ar ghá a fheabhsú mar a bhí i 2013.

Táimid chun na straitéis thíosluaite a chur i bhfeidhm le bliain a dó 2014/2015.

1. Seo a leanas príomhláidreachtaí na scoile mar a aithníodh sa Tuairisc Fhéinmheastóireachta Scoile ar an 25^ú Aibreán, 2013.

1. Áiseanna maithe ICT ar fáil

- Áiseanna maithe ICT ar fáil sa scoil
- Múinteoirí le scileanna arda ITC (Promethean, Microsoft Office, Ceol)

2. Múineadh agus foghlaim ar chaighdeán ard

- Comhaontú idir dhaltaí agus mhúinteoirí maidir leis an mbealach is éifeachtaí le téarmaíocht a fhoghlaim
- Déanann 67% de na múinteoirí dianmhachnamh ar na modhanna múinteoireachta a úsáideann siad le téarmaíocht a mhúineadh.

3. Torthaí maithe sna Scrúdaithe Stáit

- Teastas Sóisearach
Ó 2010 go dtí 2012, rinne 97%, 98% agus 100% ardleibhéal sa Ghaeilge don Teastas Sóisearach i nGaelcholáiste Reachrann i gcomparáid le 48.6% de dhaltaí na tíre. (Tuairisc an Phríomhscrúdaitheora 2012)

Céatadán na n-iarrthóirí ag na leibhéil éagsúla i nGCR don Teastas Sóisearach

2012		2011		2010	
T.S.		T.S.		T.S.	
Ard L	98%	Ard L	100%	Ard L	97%
Gnáth L	2%	Gnáth L	0%	Gnáth L	3%
Onóir	100%		100%		100%
Pas					
Teip					

Le linn an tréimhse thuasluaite d'éirigh le 100%, 100% agus 96% faoi seach, onóracha a bhaint amach (Grád A, B nó C)

**Torthaí an Teastais
Shóisearaigh**

2010 - 2012

	Ábhar	Leibhéal	Bliain	Iomlán	A	B	C	D
GCR	Gaeilge	A	2010	34	32%	56%	12%	0%
GCR	Gaeilge	A	2011	62	18%	72%	10%	0%
GCR	Gaeilge	A	2012	50	46%	48%	4%	2%

- **Ardteistiméireacht**

I 2011 agus 2012 rinne 100% de na daltaí ardleibhéal sa Ghaeilge don Ardteistiméireacht i nGaelcholáiste Reachrann. I 2010 rinne 96% ardleibhéal sa scoil. I 2012, 2011 agus 2010 ba é 37%, 32% agus 32% faoi seach, an meán líon daltaí a rinne ardleibhéal sa tír. (Tuairisc an Phríomhscrúdaitheora 2012)

Le linn an tréimhse thuasluaite d'éirigh le 100%, 94% agus 96% faoi seach, onóracha a bhaint amach.

Céatadán na n-iarrthóirí ag na leibhéil éagsúla i nGCR don Ardteistiméireacht

2012		2011		2010	
A.T.		A.T.		A.T.	
Ard L	100%	Ard L	100%	Ard L	96%
Gnáth L	0%	Gnáth L	0%	Gnáth L	4%
Onóir	100%		94%		96%
Pas			6%		Duine amháin
Teip					Duine amháin

Torthaí na hardteistiméireachta 2010-2012

	Ábhar	Leibhéal	Bliain	Iomlán	A	B	C	D
GCR	Gaeilge	A	2010	43	20%	60%	16%	4%
GCR	Gaeilge	A	2011	34	15%	36%	43%	6%
GCR	Gaeilge	A	2012	41	59%	41%	0%	0%

4. Daltaí ar ard-chaighdeán acadúil ag freastal ar an scoil

- CATs (Cognitive Ability Tests) (Trialacha Chumas Cognaíoch) a cuireadh ar dhaltaí i Mí Feabhra, 2012.

Cuirtear scrúdaithe CAT ar dhaltaí bhunscoile sula dtagann siad chun na scoile. De réir thorthaí do réasúnaíocht bhriathartha faighte ó na scrúdaithe ‘CAT’, tá 69% sa 50^ú céatadán agus níos mó agus 48% dóibh sa 60^ú céatadán agus níos mó.

Tá scór níos airde ag 48% de na daltaí atá ag teacht chun na scoile ná mar atá ag 59% de na daltaí atá ar chomhaois leo sa tír. Tá scór níos ísle ag an 48% céanna ná mar atá ag 39% de na daltaí ar chomhaois leo sa tír.

Torthaí ó na Scrúdaithe CAT.

Bliain 1 2012/2013

Réasúnaíocht bhriathartha

% as 73 daltaí	% na tíre
7	90-100
8	80-90
17	70-80
16	60-70
21	50-60
6	40-50
9	30-40
15	20-30
1	10-20

2. Seo a leanas Achoimre ar na príomh-réimsí ar ghá a fheabhsú mar a aithníodh sa Tuairisc Fhéinnmheastóireachta Scoile ar an 25^ú Aibreán, 2013.

1. Tumoideachais – Timpeallacht iomlán ‘Ghaelach’ a chothú sa scoil

- “Úsáideann 66% de na múinteoirí Béarla ó am go chéile chun téarmaí a mhíniú” (Ceistneoir). Bheartaigh na múinteoirí gan aon bhéarla a úsáid riamh nuair atá foclóir/téarmaíocht á mhíniú acu.

2. Go n-aithneodh, go bhfeicfeadh agus go bhfoghlaimeodh na daltaí téarmaí coitianta a úsáidtear sna hábhair éagsúla.

- “Deir 80% de na daltaí go gcabhraíonn póstaer leo téarmaí a fhoghlaim ach ní dheireann ach 25% de na múinteoirí go gcrochann siad póstaer chun téarmaí a léiriú” (Ceistneoir). De bharr seo tá gach roinn (Gaeilge, Mata, Eolaíocht, Gnó, Eacnamaíocht Bhaile, Stair, Ceol, Tíreolaíocht, OPOS, OSSP, Roinn Teangacha, Ealaín, Grafaic Theicniúil, Corp Oideachas, Teagasc Creidimh) chun deich dtéarmaí a phiocadh agus póstaer a chur le chéile dóibh. Crochfar na póstaer i mí Meán Fómhair. Cuirfear scrúdú ar rang amháin on dara bhliain agus rang amháin ón gcúigiú bliain i mí Meán Fómhair ar na téarmaí sin agus scrúdú arís orthu i mí an Mhárta.

3. Go mbeadh leathnú agus méadú ar stór na bhfocal agus ar an téarmaíocht a úsáideann an dalta agus go mbeadh forbairt ann ó thaobh sealbhú teanga de.

- Roghnófar focal na seachtaine, cuirfear é in iúl do na daltaí agus crochfar é i halla na scoile gach seachtain

--	--	--	--	--	--	--

Téama Meastóireachta	Spriocanna feabhsúcháin	Gníomhartha riachtanacha	Daoine atá freagrach	Fráma ama don ghníomh	Critéir ratha/tátail intomhaiste	Dáta athbhreithnithe
Torthaí Foghlaimeora	Feabhsú i réimse foclóra na ndaltaí i ngach ábhar	<ul style="list-style-type: none"> • Focail na seachtaine • Póstaer a dhearadh leis na focail chuí orthu • Gan Béarla a úsáid le téarmaí á mhíniú 	Ceann na roinne Gach múinteoir	Meán Fómhair 2014 – Bealtaine 2015	Scrúdú i Mí Meán Fómhair. An scrúdú céanna i Mí an Mhárta. Ardú 10% sna torthaí sa scrúdú i Mí an Mhárta	Márta 2015
	Ardú Gráid sa Ghaeilge sa Teastas Sóisearach (95% nó níos mó ag fáil A nó B) agus san Ardeistiméireacht (% níos airde ag fáil A1. % níos airde (70%+) ag fáil A & B)	<ul style="list-style-type: none"> • Focail na seachtaine • Póstaer a dhearadh leis na focail chuí orthu • Gan Béarla a úsáid le téarmaí a mhíniú • Go mbeadh gach múinteoir ag iarraidh barr feabhais a chur ar a gcuid Gaeilge agus ar Ghaeilge na ndaltaí. • Cúrsaí i rith an tsamhraidh. Cúrsaí an BOO / Gaelchultúr srl cóipeanna foirmeacha iarratais a scaipeadh. • Comhoibriú idir mhúinteoirí. • Cúrsaí le múinteoirí Gaeilge na scoile • Meántóir Gaeilge do mhúinteoirí nua. • Liosta foclóra oiriúnach. • Múinteoirí Gaeilge ag obair le múinteoirí eile i ngrúpaí beaga. 	Ceann na roinne Gach múinteoir	Meán Fómhair 2014 – Bealtaine 2015	Méadú ar an líon daltaí a fhaigheann grád níos airde sa Teastas Sóisearach agus san Ardeistiméireacht	

Téama Meastóireachta	Spriocanna feabhsúcháin	Gníomhartha riachtanacha	Daoine atá freagrach	Fráma ama don ghníomh	Critéir ratha/tátail intomhaiste	Dáta(i) athbhreithnithe
Timpeallacht Foghlama	Timpeallacht Ghaelach a chothú & a fhorbairt	<ul style="list-style-type: none"> • Aoichainteoirí • Comórtas na Gaeilge • Nós feabhsúcháin i measc na ndaltaí agus na múinteoirí • Dea-shampla ó mhúinteoirí • Foclóir i ngach rang • Úsáid focal.ie • Sraith fiseanna ‘YouTube’ – Drámaíocht / Gramadach. Comórtas Gaelcholáistí. • É a cheangail le Raidió Rí-Rá 	An fhoireann ar fad	Meán Fómhair 2014 - Bealtaine 2015	Go dtiocfadh feabhas ar chruinneas agus ar chaighdeán na Gaeilge. Tabharfar ceistneoir do na múinteoirí i ndiaidh scrúdaithe an tsamhraidh.	Bealtaine 2015
Timpeallacht Foghlama	Straitéis Litearthacht na Gaeilge a chur i bhfeidhm	<ul style="list-style-type: none"> • Focail na seachtaine • Póstaeir a dhearadh leis na focail chuí orthu • Córas ‘soilse tráchta’ • Cluiche ‘Taboo’ • Foclóir i ngach rang • Úsáid focal.ie • App Foclóir COLLINS • Gaelspell • ‘Spelling B’ 				
Timpeallacht Foghlama	Measúnú chun foghlama,	<ul style="list-style-type: none"> • Cuspóirí ceachta a thabhairt do na daltaí ag tús ranga • Critéir leis na spriocanna a bhaint amach • Ceistiú éifeachtach • Aiseolas bunaithe ar na critéir atá leagtha amach • Foghlaim phiarchuidithe 	Gach múinteoir	Meán Fómhair 2014 - Bealtaine 2015	Go dtiocfadh feabhas ar an timpeallacht foghlama. Tabharfar ceistneoir do na múinteoirí agus do na daltaí ar an ábhar seo.	Bealtaine 2015

Ullmhúchán don teagasc/ Chur chuige teagaisc	Forbairt na Gaeilge agus an tumoideachais	<ul style="list-style-type: none"> • Go nglacadh gach múinteoir leis an dualgas atá orthu an caighdeán Gaeilge atá acu féin a fhorbairt • Téarmaíocht a phlé agus a aontú lena chomhghleacaí • Foghlaim phiarchuidithe neamh-fhoirmeálta a spreagadh idir mhúinteoirí. Plé maidir le téarmaíocht. • “Coiste foclóra” a bhunú ag gach roinn • Maoiniú a dhéanamh ar chúrsaí Ghaeilge do mhúinteoirí. • Fógraíocht. • Uaireanta Haddington Rd. 	Gach múinteoir Ceann gach roinne	Meán Fómhair 2014 - Bealtaine 2015	Go dtiocfadh feabhas ar an gcaighdeán Gaeilge atá ag na múinteoirí. Tabharfar ceistneoir dóibh ar an ábhar seo.	Bealtaine 2015
	Measúnú chun foghlama	<ul style="list-style-type: none"> • Cuspóirí ceachta a thabhairt ag tús ranga • Critéir leis na spriocanna a bhaint amach • Ceistiú éifeachtach • Aiseolas bunaithe ar na critéir atá leagtha amach • Foghlaim phiarchuidithe. 	Gach múinteoir	Meán Fómhair 2014 - Bealtaine 2015	Go dtiocfadh feabhas ar an timpeallacht foghlama. Tabharfar ceistneoir do na múinteoirí agus do na daltaí ar an ábhar seo.	Bealtaine 2015
	Aistriú sochair ón mbunscoil	<ul style="list-style-type: none"> • Tuairisc ar dhaltaí ón mbunscoil • Tuairisc ar dhaltaí ón SENO 	Príomhoide	Meitheamh 2014	Daltaí na céad bhliana socraithe isteach go luath sa bhliain. Ceistneoir.	Márta 2015